



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2023
(OR. en)

15750/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0426(NLE)**

**ECOFIN 1238
FIN 1200
UEM 393**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	21 Samhain 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 745 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 9728/22 INIT; ST 9728/22 ADD 1) an 17 Meitheamh 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne a fhormheas

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 745 final.

Faoi iamh: COM(2023) 745 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.11.2023
COM(2023) 745 final

2023/0426 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 9728/22 INIT; ST 9728/22 ADD
1) an 17 Meitheamh 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus
athléimneachta na Polainne a fhormheas**

{SWD(2023) 381 final}

Togra le haghaidh

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 9728/22 INIT; ST 9728/22 ADD 1) an 17 Meitheamh 2022 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne a fhormheas

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta¹, agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I ndiaidh don Pholainn an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta ('RRP') a chur isteach an 3 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022².
- (2) De bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241, ba cheart an ranníocaíocht uasta airgeadais i gcomhair thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha gach Ballstáit a nuashonrú faoin 30 Meitheamh 2022 i gcomhréir leis an modheolaíocht dá bhforáiltear ann. An 30 Meitheamh 2022 chuir an Coimisiún torthaí an nuashonraithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.
- (3) An 31 Lúnasa 2023 chuir an Pholainn plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomhréir le hAirteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241, faoi bhráid an Choimisiúin.
- (4) Cuireann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe san áireamh freisin an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe i gcomhréir le hAirteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus áirítear leis iarraidh réasúnaithe don Choimisiún moladh a dhéanamh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena meastar nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla go páirteach. Na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Pholainn isteach, baineann siad le 59 beart.

¹ IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

² ST 9728/22; ST 9728/22 ADD 1.

- (5) An 14 Iúil 2023 chuir an Chomhairle moltaí faoi bhráid na Polainne i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, mhol an Chomhairle freisin don Pholainn beartas fioscach stuama a áirithiú, infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú, agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. Moladh don Pholainn dlús a chur le deireadh a chur le breoslaí iontaise agus dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite, athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh nósanna imeachta um nascadh leis an eangach agus le haghaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite ('RES'), lena n-áirítear pobail fuinnimh, bithmheatán agus hidrigin in-athnuaite. Thairis sin, moladh don Pholainn bearta a chur chun feidhme chun coigilteas fuinnimh agus laghduithe ar an éileamh ar ghás a chur chun cinn chomh maith le dlús a chur le hinfeistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh foirgneamh agus an soláthar teasa i dtéamh ceantair a dhíchárbónú chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh. Ina theannta sin, moltar sna moltaí tírshonracha freisin modhanna iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh. Ar deireadh, moladh don Pholainn dlús a chur leis na hiarrachtaí beartais atá dírithe ar na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá don aistriú glas a sholáthar agus a fháil, lena n-áirítear le haghaidh athchóiriú foirgneamh.
- (6) Cuireadh isteach an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe tar éis próiseas comhairliúcháin a rinneadh i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil náisiúnta, próiseas a raibh údarais áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, eagraíochtaí don óige, agus páirtithe leasmhara ábhartha eile páirteach ann. Cuireadh isteach an achoimre ar na comhairliúcháin in éineacht leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, i gcomhréir leis na treoirlínte um measúnú a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

Iarraidh ar iasacht bunaithe ar Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/241

- (7) Áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe arna thíolacadh ag an bPolainn iarraidh ar thacaíocht iasachta chun leibhéal uailmhéine bheart B3.4.1 (Claochlú glas cathracha) faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh) a mhéadú trí sprioc nua a chur leis.

Nuashonruithe bunaithe ar Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241

- (8) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Pholainn isteach, nuashonraítear ceithre bheart chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Mhínigh an Pholainn, toisc gur laghdaigh an ranníocaíocht uasta airgeadais ó EUR 23 851 681 924³ go EUR 22 520 991 355⁴, gur cheart bearta áirithe a leasú nó deireadh a chur leo chun an laghdú ar an leithdháileadh a léiriú.

³ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Polainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

⁴ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Polainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

- (9) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a chuir an Pholainn isteach, athraítear beart amháin chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a léiriú. Go háirithe, déantar spriocanna A7G agus A8G de bheart A1.2.1 (Infheistíochtaí le haghaidh fiontair i dtáirgí, seirbhísí agus inniúlachtaí fostaithe agus foirne a bhaineann le héagsúlú gníomhaíochtaí) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair) a athrú chun an leibhéal cur chun feidhme is gá a laghdú i gcomparáid leis an bplean bunaidh.
- (10) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bPolainn, go bhfuil údar maith leis an nuashonrú de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus gur cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241

- (11) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Pholainn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 51 mbeart.
- (12) Mhínigh an Pholainn nach féidir seacht mbeart a bhaint amach go hiomlán ná go páirteach a thuilleadh, toisc go bhfuil fadhbanna ann lena gcur chun feidhme mar thoradh ar shuaitheadh sa slabhra soláthair, rud a imríonn tionchar ar na garspriocanna agus spriocanna gaolmhara. Baineann sé sin le garspriocanna B7L, B8L agus B9L de bheart B2.3.1 (Feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a thógáil), garspriocanna B11L, B12L agus B13L de bheart B2.4.1 (Córais stórála fuinnimh) faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus laghdú déine fuinnimh); garsprioc D17G de bheart D1.1.2 (Dlús a chur le claochlú digiteach na sláinte trí sheirbhísí sláinte digití a fhorbairt a thuilleadh) faoi chomhpháirt D (Éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais sláinte) chomh maith le garsprioc E13G agus sprioc E14G de bheart E1.1.2 (Iompar comhchoiteann astaíochtaí ísle agus astaíochtaí nialasacha), spriocanna E19G agus E20G de bheart E2.1.2 (Rotharstoc paisinéirí iarnróid), garsprioc E6L de bheart E2.3 (Inrochtaineacht iompair, slándáil agus réitigh dhigiteacha a fheabhsú) agus sprioc E7L de bheart E2.3.1 (Rotharstoc paisinéirí iarnróid réigiúnach) faoi chomhpháirt E2.3 (Inrochtaineacht iompair, slándáil agus réitigh dhigiteacha a fheabhsú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn go ndéanfaí cur síos ar gharspriocanna, spriocanna nó bearta áirithe a leasú, a chur isteach nó a bhaint, nó síneadh a chur lena n-amlíne cur chun feidhme. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (13) Mhínigh an Pholainn nach féidir 18 mbeart a bhaint amach go hiomlán ná go páirteach a thuilleadh ar an gcostas a measadh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar bhoilsciú ard. Baineann sé sin le spriocanna A7G agus A8G de bheart A1.2.1 (Infheistíochtaí le haghaidh fiontair i dtáirgí, seirbhísí agus inniúlachtaí fostaithe agus foirne a bhaineann le héagsúlú gníomhaíochtaí), beart A1.2.2 (Tacaíocht chun láithreáin infheistíochta a ullmhú le haghaidh infheistíochtaí atá rithabhachtach don gheilleagar), garsprioc A6G de bheart A1.2 (An t-ualach rialála agus riaracháin a laghdú tuilleadh) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); spriocanna B9G, B10G agus B11G de bheart B1.1.2 (Foinsí teasa a athsholáthar agus éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe a fheabhsú), spriocanna B12G agus B13G de bheart B1.1.3 (Foinsí teasa a athrú agus éifeachtúlacht fuinnimh scoileanna a fheabhsú), spriocanna B19G agus B21G de bheart B2.1.1 (Infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí hidrigine, táirgeadh, stóráil agus iompar hidrigine), spriocanna B37G agus B38G de bheart B2.2.3 (Bonneagair críochofirt amach ón gcósta a thógáil), sprioc B41G de bheart B3.1.1 (Infheistíochtaí i mbainistiú

inbhuanaithe uisce agus fuíolluisce i gceantair thuaithe), sprioc B23L de bheart B3.3.1 (Infheistíocht maidir le hacmhainneacht an bhainistithe inbhuanaithe uisce a mhéadú i gceantair thuaithe), sprioc B27L de bheart B3.4.1 (Claochlú glas cathracha), spriocanna B29L agus B30L de bheart B3.5.1 (Infheistíocht i dtithíocht atá tíosach ar fhuinneamh do theaghlaigh ar ioncam íseal agus meánioncaim) faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú); spriocanna C4G, C5G agus C6G de bheart C1.1.1 (Rochtain ar idirlíon an-ardluais i spotaí bána a áirithiú) faoi chomhpháirt C (An t-aistriú digiteach); spriocanna D11G, D12G, D13G, D14G de bheart D1.1.1 (An bonneagar d'ionaid ardspeisialaithe cúraim agus soláthraithe cúraim sláinte eile a fhorbairt agus a nuachóiriú), sprioc D37G de thomhas D3.1.1 (Forbairt chuimsitheach ar thaighde i réimse na n-eolaíochtaí leighis agus na n-eolaíochtaí sláinte) faoi chomhpháirt D (Éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais sláinte); spriocanna E10G, E11G agus E12G de bheart E1.1.1 (Tacaíocht do gheilleagar ísealcharbóin), sprioc E18G de bheart E2.1.1 (Railbhealaí), sprioc E21G de bheart E2.1.3 (Tionscadail Idirmhódúla) agus spriocanna E3L agus E4L de bheart E1.2.1 (Iompar uirbeach astaíochtaí nialasacha (tramanna) faoi chomhpháirt E (Soghluaisteacht ghlas, chliste). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn garspriocanna, spriocanna nó tuairiscí beart a leasú, a bhaint nó a chur isteach, nó síneadh a chur lena n-amlíne cur chun feidhme. Mhínigh an Pholainn nach féidir beart A4.2.1 (Tacaíocht do shaoráidí cúraim leanaí do leanaí suas le trí bliana d'aois (altraí, clubanna leanaí), faoi chomhpháirt A a bhaint amach a thuilleadh ós rud é gur méadaíodh an meastachán costais tosaigh a soláthraíodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh mar gheall ar bhoilsciú ard. Mar sin féin, agus na hacmhainní á gcur san áireamh a saoradh trí bhearta eile a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, choinnigh an Pholainn ar bun an leibhéil cur chun feidhme is gá maidir le sprioc A61G ghaolmhar. Mhínigh an Pholainn freisin, agus na hacmhainní á gcur san áireamh a saoradh trí bhearta eile a bhaint faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, gur mhéadaigh sí an leibhéil cur chun feidhme is gá maidir le spriocanna C4G, C5G agus C6G de bheart C1.1.1 (Rochtain ar idirlíon fíor-ardluais i spotaí bána a áirithiú) faoi chomhpháirt C (Claochlú digiteach). Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (14) Mhínigh an Pholainn nach féidir cúig bheart a bhaint amach a thuilleadh go páirteach ná go hiomlán toisc go raibh méadú suntasach ar chostais i gcomparáid leis na costais a measadh sa phlean bunaidh. Baineann sé sin le spriocanna A14G, A15G, A16G agus A17G de bheart A1.3.1 (An t-athchóiriú ar phleanáil úsáide talún a chur chun feidhme), A21G, A25G, A26G de bheart A1.4.1 (Infheistíochtaí chun slabhra soláthair táirgí talmhaíochta agus bia a éagsúlú agus a ghiorrú agus chun athléimneacht na n-eintiteas sa slabhra a fhorbairt) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); spriocanna B19L agus B20L de bheart B3.2.1 (Infheistíochtaí maidir le neodrú riosca agus athbhunú láithreán athfhorbraíochta mórsála agus Mhuir Bhailt) faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú); spriocanna C17G, C18G, C19G agus C20G de bheart C2.1.3 (E-inniúlachtaí) faoi chomhpháirt C (An t-aistriú digiteach) chomh maith le sprioc E26G de bheart E2.2.2 (Digitíú an iompair) faoi chomhpháirt E (Soghluaisteacht ghlas, chliste). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn garspriocanna, spriocanna nó tuairiscí beart a leasú nó a bhaint, nó síneadh a chur lena n-amlíne cur chun feidhme. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (15) Mhínigh an Pholainn nach féidir cúig bheart a bhaint amach go hiomlán ná go páirteach a thuilleadh mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó teicniúla gan choinne. Baineann sé sin le spriocanna A5L agus A6L de bheart A2.5.2 (Infheistíocht chun

ionad tacaíochta samhla a chruthú do thionscail chruthaitheacha), spriocanna A8L agus A9L de bheart A2.6.1 (An córas náisiúnta seirbhísí faireacháin, táirgí, uirlisí anailíseacha, seirbhísí agus bonneagar tionlacain ina n-úsáidtear sonraí satailíte a fhorbairt) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); garsprioc B15L de bheart B3.2 (Tacaíocht d'athshlánú comhshaoil agus do chosaint i gcoinne substaintí guaiseacha) faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú); spriocanna C11G, C12G, C13G de bheart C2.1.1 (Ríomhsheirbhísí poiblí, réitigh TF lena bhfeabhsaítear feidhmiú na n-earnálacha riaracháin agus eacnamaíocha) faoi chomhpháirt C (An t-aistriú digiteach); sprioc D26G agus sprioc D28G de bheart D2.1 (Na coinníollacha cearta a chruthú chun líon na mball foirne leighis a mhéadú) faoi chomhpháirt D (Éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais sláinte). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn garspriocanna, spriocanna nó tuairiscí beart a leasú, a bhaint nó a chur isteach, nó síneadh a chur lena n-amlíne cur chun feidhme. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (16) Mhínigh an Pholainn go ndearnadh naoi mbeart a mhodhnú chun roghanna malartacha níos fearr a thabhairt isteach chun a mbun-uailmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le garsprioc A12G de bheart A1.3 (Athchóiriú ar phleanáil úsáide talún), spriocanna A34G, A35G, A36G, A37G de bheart A2.3.1 (forbairt agus trealamh lárionad inniúlachta (sainionaid oiliúna, ionaid tacaíochta cur chun feidhme, faireachlanna) agus bonneagar bainistíochta thionscal na bhfeithiclí gan foireann, mar éiceachóras nuálaíochta), garsprioc A71G de bheart A4.7 (Teorainn de dheighilt mhargadh an tsaothair) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); sprioc C14G de bheart C2.1.2 (Cothrom iomaíochta do scoileanna a bhfuil gléasanna ilmheán soghluaiste acu — infheistíochtaí a bhaineann le comhlíonadh na n-íoschaighdeán trealaimh), garspriocanna C23G, C24G agus C27G chomh maith le spriocanna C25G agus C28G de bheart C3.1.1 (Cibearshlándaíl — CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus barrfheabhsaithe bonneagar seirbhísí forfheidhmithe dlí), garsprioc C3L de bheart C1.2 (Leibhéal inrochtaineachta agus úsáide na cumarsáide nua-aimseartha le sreang agus gan sreang a mhéadú le haghaidh riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha), sprioc C12L de bheart C2.2.1 (Scoileanna/institiúidí a bhfuil gairis agus bonneagar TFC leordhóthanach acu chun feidhmíocht fhoriomlán an chórais oideachais a fheabhsú) faoi chomhpháirt C (An claochlú digiteach); spriocanna D30G agus D31G de bheart D2.1.1 (Infheistíochtaí a bhaineann le nuachóiriú agus iarfheistiú saoraidí teagaisc d'fhonn teorainneacha iontrála do staidéir leighis a mhéadú) agus sprioc D3L de bheart D1.2.1 (Cúram fadtéarmach a fhorbairt trí bhonneagar eintiteas leighis a nuachóiriú ar leibhéal ceantair) faoi chomhpháirt D (Éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais sláinte). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn garspriocanna, spriocanna nó tuairiscí beart a leasú nó a bhaint, nó síneadh a chur lena n-amlíne cur chun feidhme. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (17) Mhínigh an Pholainn nach féidir dhá bheart a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar easpa éilimh. Baineann sé sin le beart A4.4.1 (Infheistíochtaí a bhaineann le hoibrithe/cuideachtaí a fheistiú chun oibriú go cianda) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair) agus beart C1.2.1 (An acmhainneacht a bhaineann le hinfheistíochtaí tráchtála i líonraí cumarsáide leictreonáil nua-aimseartha a neartú) faoi chomhpháirt C (An claochlú digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn deireadh a chur leis na bearta sin. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.

- (18) Mhínigh an Pholainn nach féidir trí bheart a bhaint amach go hiomlán ná go páirteach a thuilleadh mar gheall ar ráig chogadh foghach na Rúise san Úcráin, lena n-áirítear rabharta daoine easáitithe ón Úcráin a bhaineann leis sin, an gá atá le hiompar soláthairtí a éascú agus an tionchar ar chostas agus ar infhaighteacht seirbhísí is gá chun bearta áirithe a chur chun feidhme. Baineann sé sin le spriocanna A44G agus A45G de bheart A3.1.1 (Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaím ar feadh an tsaoil) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); garspriocanna D1G agus D8G de bheart D1.1 (Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte) faoi chomhpháirt D (Éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais sláinte) chomh maith le garsprioc E16G de bheart E2.1 (Iomaíochas earnáil na n-iarnród a fheabhsú) faoi chomhpháirt E (Soghluaisteacht ghlas, chliste). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn leasú a dhéanamh ar thuairiscí na ngarspriocanna agus na mbeart nó síneadh a chur leis an amlíne cur chun feidhme. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (19) D'iarr an Pholainn go mbainfí úsáid as na hacmhainní atá fágtha a saoradh trí bhearta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 a bhaint le haghaidh ceithre bheart atá ann cheana trína leibhéal uailmhéine a mhéadú, nó a leibhéal uailmhéine a choinneáil ar bun d'ainneoin an mhéadaithe ar a gcostais mheasta agus chun beart amháin a chur leis. Baineann sé sin le sprioc A4L agus A5L de bheart A2.5.1 (clár A chun tacú le gníomhaíochtaí eintiteas i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta chun a bhforbairt a spreagadh) faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); spriocanna B26L, B27L agus B27aL de bheart B3.4.1 (Infheistíochtaí le haghaidh claochlú glas cuimsitheach cathracha) faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú); garspriocanna C15L, C16L agus C18L agus sprioc C17L beart C4.1.1 (Tacú le claochlú digiteach gnólachtaí trí néalríomhaireacht a úsáid) agus sprioc C11L de bheart C2.2.1 (Scoileanna/institiúidí a bhfuil gairis agus bonneagar leordhóthanach TFC acu chun feidhmíocht fhoriomlán an chórais oideachais a fheabhsú) faoi chomhpháirt C (Claochlú Digiteach) chomh maith le sprioc E28G de bheart E2.2.2 (Digitíú an iompair) faoi chomhpháirt E (Soghluaisteacht ghlas, chliste). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn go ndéanfaí cur síos ar gharspriocanna, spriocanna nó bearta áirithe a leasú nó a chur isteach. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú dá réir.
- (20) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bPolainn, go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

Garspriocanna agus spriocanna a dháileadh

- (21) Ba cheart dáileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun an leithdháileadh nua, na leasuithe ar an bplean agus an amlíne tháscach a chuir an Pholainn i láthair a chur san áireamh.

Ceartúcháin ar earráidí cléireachais

- (22) Sainaithníodh ocht n-earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, lena ndéantar difear do chúig gharsprioc agus sprioc agus d'ocht mbeart. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 3 Bealtaine 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Pholainn. Baineann na hearráidí cléireachais sin le tuairisc ar bheart A2.4 (Sásraí comhair idir an eolaíocht agus an tionscal a neartú); garsprioc A51G de bheart A4.1 (Institiúidí éifeachtacha do mhargadh an

tsaothair) agus garsprioc A67G de bheart A4.5 (Gairmréimeanna a leathnú agus obair a chur chun cinn tar éis na haoise scoir reachtúla) agus tuairisc ar an mbeart sin faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); an tuairisc ar bheart B1.2.1 (Éifeachtúlacht fuinnimh agus RES i gcuideachtaí – infheistíochtaí ag a bhfuil an cumas is mó gás ceaptha teasa a laghdú); tuairisc ar bheart B2.1 (Feabhas a chur ar na coinníollacha chun teicneolaíochtaí hidrigine agus gáis dhícharbónaithe eile a fhorbairt) faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú); garsprioc C9G de bheart C2.1 (Feidhmchláir dhigiteacha a mhéadú sa réimse poiblí, sa gheilleagar agus sa tsochaí) faoi chomhpháirt C (An Claochlú Digiteach); sprioc D8L de bheart D3.2.1 (forbairt a dhéanamh ar acmhainneacht earnáil na gcógas agus na bhfeistí leighis — infheistíochtaí atá nasctha le táirgeadh API sa Pholainn) faoi chomhpháirt D (Éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais cúraim sláinte); sprioc E6G de bheart E1.1 (Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol) faoi chomhpháirt E (Soghluaisteacht chliste, ghlas). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán (AE) 2021/241

- (23) I gcaibidil REPowerEU tá seacht n-athchóiriú nua agus seacht n-infheistíocht nua. Baineann na hathchóirithe leis an méid seo a leanas: (i) cuíchóiriú a dhéanamh ar cheadú maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh (G3.1.1), (ii) réitigh rialála a thabhairt isteach maidir le forbairt agus taraifiú eangacha dáileacháin chun dlús a chur le comhtháthú RES (G1.2.1), (iii) bacainní ar nascadh RES le líonraí leictreachais a bhaint (G1.2.2), (iv) bearta lena gcuirtear borradh faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus dlús a chur le céimniú amach breoslaí iontaise i dtéamh baile, rud ar cheart dó rannchuidiú leis an mbochtaineacht fuinnimh a mhaolú (G3.1.3), (v) scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais, trí leasuithe a dhéanamh ar phríomhchreataí cáilíochta earnála (G3.1.2), (vi) anailís ar na bacainní dlíthiúla, eagraíochtúla agus riaracháin ar phobail fuinnimh, arb é is aidhm dóibh a bhforbairt a éascú (G1.1.1) agus (vii) plean gníomhaíochta le haghaidh iompar inbhuanaithe (G1.3.1). Áirítear sa chaibidil REPowerEU freisin infheistíochtaí a rannchuidíonn le himscaradh foinsí inathnuaite fuinnimh lena n-áirítear (i) Ciste Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (G3.1.5), chomh maith le (ii) tacaíocht do chórais stórála fuinnimh (G1.1.3 agus G3.3.1). Cumhdaíonn caibidil REPowerEU infheistíochtaí lena bhfeabhsaítear eangacha leictreachais, lena n-áirítear (iii) tógáil nó nuachóiriú líonraí dáileacháin i gceantair thuaithe (G1.2.4). Tacaíonn caibidil REPowerEU freisin le hearnáil an aistrithe fuinnimh trí (iv) Ciste Tacaíochta Fuinnimh (G3.1.4). Baineann infheistíocht eile le (v) tacú le hinstiúidí a chuireann athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU chun feidhme (G1.1.4). Ar deireadh, áirítear sa chaibidil REPowerEU infheistíocht i (vi) tógáil bonneagair gáis nádúrtha (G3.2.1) a rannchuidíonn le feabhas a chur ar an mbonneagar fuinnimh agus a éascaíonn an freastal ar riachtanais láithreacha shlándáil an tsoláthair.
- (24) I bhfianaise an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais de EUR 1330690569, chuir an Pholainn trí bheart san áireamh i gcaibidil REPowerEU a bhí i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022. Léiríodh na bearta sin sa Chinneadh Cur Chun Feidhme sin faoi chomhpháirteanna B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú) agus faoi E (Soghluaisteacht chliste, ghlas).
- (25) Ar an mbonn sin, baintear beart B2.2.1 (Gréasáin tarchurtha a fhorbairt, bonneagar leictreachais cliste), beart B.2.2.2 (suiteálacha foinsí in-athnuaite arna n-oibriú ag pobail fuinnimh) agus cuid de bheart E1.1.2 (Iompar comhchoiteann astaíochtaí nialasacha agus astaíochtaí ísle (busanna)) ó chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú) agus E (Soghluaisteacht ghlas, chliste).

- (26) Áirítear sa chaibidil REPowerEU freisin bearta méadaithe lena ndéantar difear do dhá bheart faoi chomhpháirt B (Fuinneamh glas agus déine fuinnimh a laghdú). Baineann sé sin le bearta B2.2.1 (Forbairt líonraí tarchurtha, bonneagar leictreachais cliste), a baineadh agus a tugadh isteach i gcaibidil REPowerEU mar G1.2.3 (líonraí tarchurtha a fhorbairt, bonneagar leictreachais cliste, lena n-áirítear cuid mhéadaithe) agus B2.2.2 (suiteálacha foinsí in-athnuaite arna n-oibriú ag pobail fuinnimh), a baineadh agus a tugadh isteach i gcaibidil REPowerEU mar G.1.1.2 (suiteálacha foinsí inathnuaite arna gcur chun feidhme ag pobail fuinnimh, lena n-áirítear cuid mhéadaithe). Leis na bearta méadaithe a áirítear sa chaibidil REPowerEU, tugtar isteach feabhas substainteach ar leibhéal uailmhéine na mbeart atá san áireamh cheana féin sa phlean téarnaimh agus athléimneachta.

Measúnú ón gCoimisiún

- (27) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

Freagairt chothrom lena gcuirtear leis na sé cholún

- (28) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is é atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, den chuid is mó (Rátáil A), freagairt chuimsitheach agus chothromaithe leormhaith ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta, rud a rannchuidíonn go hiomchuí le gach ceann de na sé cholún dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/241, agus na dúshláin shonracha atá os comhair an Bhallstáit lena mbaineann agus an leithdháileadh airgeadais don Bhallstát lena mbaineann á gcur san áireamh.
- (29) Is freagairt chuimsitheach iad bearta éagsúla an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ina bhfuil cothromaíocht fhoriomlán iomchuí idir colúin, ina bhfuil líon suntasach comhpháirteanna a thacaíonn go suntasach nó go páirteach le níos mó ná colún amháin. Dírithear go fóill i plean téarnaimh agus athléimneachta modhnuithe na Polainne ar shé phríomhréimse beartais: an t-aistriú glas, digitiú, sláinte, iomaíochas agus nuálaíocht, iompar inbhuanaithe, agus cáilíocht na n-institiúidí, go háirithe trí infheistíochtaí i bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite agus in éifeachtúlacht fuinnimh, soghluaisteacht inbhuanaithe, cúram sláinte, teicneolaíochtaí digiteacha, agus taighde agus nuálaíocht. Cuireann na bearta a áirítear sa chaibidil REPowerEU go suntasach nó go páirteach leis na colúin seo a leanas: an t-aistriú glas, an claochlú digiteach, fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach, comhtháthú sóisialta agus críochach, athléimneacht sláinte agus eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach, agus beartais don chéad ghlúin eile.

Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile nó ar fho-thacar suntasach de na dúshláin a shainaithnítear sna moltaí tírshonracha

- (30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar gach dúshlán nó ar fho-thacar suntasach dúshlán (Rátáil A) arna sainaithint sna moltaí tírshonracha ábhartha, a dhírítear chuig an bPolainn, lena n-áirítear gnéithe fíoscacha díobh nó dúshláin arna sainaithint i ndoiciméid ábhartha eile arna nglacadh go hoifigiúil ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

- (31) Go sonrach, cuirtear san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, moltaí tírshonracha a ghlac an Chomhairle go foirmiúil sula ndearna an Coimisiún measúnú ar an bplean modhnaithe. Ós rud é go ndearnadh an ranníocaíocht uasta airgeadais don Pholainn a choigeartú anuas agus go bhfuil an iasacht a iarradh beartaithe go mór lena húsáid le haghaidh chuspóirí REPowerEU agus go heisiach le haghaidh bearta a bhaineann le fuinneamh, ní dhéantar moltaí 2022 agus 2023 nach mbaineann le dúshlán fuinnimh a mheas sa mheasúnú foriomlán.
- (32) Tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme na moltaí tírshonracha ábhartha uile mar chuid de Sheimeastar Eorpach 2023, measann an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme ina iomláine an moladh maidir le rochtain ar mhaoiniú agus ar leachtacht a mhéadú do chuideachtaí (CSR 3.1 2020). Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an moladh maidir le hinfheistíocht a spriocdhíriú ar bhonneagar digiteach (CSR 3.3 2020).
- (33) Áirítear leis an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a rannchuidíonn le haghaidh a thabhairt go héifeachtach ar fho-thacar suntasach de na dúshlán eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a dhírigh an Chomhairle ar an bPolainn i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Go háirithe, meastar go rannchuideoidh caibidil REPowerEU le hinfheistíocht phoiblí a leathnú don aistriú glas (CSR 1.2 2022 agus CSR 1.3 2023).
- (34) Go háirithe, ba cheart do bhearta nua a mholtar faoi fho-chomhpháirt G1.1 feabhas a chur ar an timpeallacht rialála do phobail fuinnimh agus a bhforbairt a dhreasú, agus ba cheart d'infheistíochtaí i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta (beart G3.1.5.) rannchuidiú le dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite (CSR 4.2. 2023). Le hinfheistíochtaí i dtógáil agus i nuachóiriú eangaí, mar aon le hathchóirithe lena ndírítear ar chreat rialála a fheabhsú le haghaidh rochtain ar an eangach (fo-chomhpháirt G1.2), chomh maith leis an athchóiriú chun nósanna imeachta ceadaithe a dhigitiú agus chun acmhainneachtaí gaoithe fótavoltacha agus ar tír a shuiteáil (G3.1.1), meastar go laghdófar spleáchas foriomlán na Polainne ar bhreoslaí iontaise trí dheireadh a chur le bacainní rialála, riaracháin agus bonneagair chun dlús a chur leis na nósanna imeachta ceadaithe agus le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite (CSR 6.2 2022).
- (35) Ina theannta sin, is é is aidhm d'athchóiriú G3.1.3 arb é atá ann an clár cuimsitheach le haghaidh athchóiriú comhtháite tithe mar aon le soláthar seirbhísí casta éifeachtúlachta fuinnimh, coigilteas fuinnimh a chur chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh (CSR 4.3 2023). Ina theannta sin, le hullmhú plean gníomhaíochta le haghaidh iompar glas sa Pholainn arna chuachadh le hinfheistíocht i mbusanna astaíochtaí nialasacha le haghaidh iompar uirbeach (fo-chomhpháirt G1.3), meastar go ndéanfar modhanna iompair phoiblí inbhuanaithe a chur chun cinn a thuilleadh (CSR 6.4 2022, CSR 4.4 2023). Ar deireadh, leis an athchóiriú G3.1.2 lena leasaítear na creataí cáilíochta earnála, táthar ag súil go gcuideofar le scileanna glasa a fháil de réir na gcaighdeán aontaithe (CSR 4.5 2023).
- (36) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, leantar d'aghaidh a thabhairt ar fho-thacar suntasach de na dúshlán a sainithníodh i moltaí tírshonracha 2020 agus 2019, ós rud é nach mbaineann na modhnuithe an bonn de leibhéal uailmhéine na mbeart ábhartha. Go háirithe, tá na bearta modhnaithe fós ag tabhairt aghaidh ar na dúshlán ábhartha trí dhíriú ar chaiteachas poiblí a dhéanamh níos

éifeachtúla, rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus aois scoir éifeachtach a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar dheighilt mhargadh an tsaothair, níos mó áiteanna cúraim leanaí agus cúraim fhadtéarmaigh a chur ar fáil, inbhuanaitheacht an iompair a chur chun cinn, scileanna digiteacha a fheabhsú agus claochlú digiteach cuideachtaí agus riarachán poiblí a chur chun cinn.

Cur leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach

- (37) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch shóisialta agus institiúideach na Polainne a neartú, lena rannchuideofar le cur chun feidhme Chólún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear trí bheartais a chur chun cinn maidir le leanaí agus an óige, agus maidir le maolú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta ghéarchéim COVID-19, lena bhfeabhsófar, dá bhrí sin, an comhtháthú agus an cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach laistigh den Aontas.
- (38) Áiríodh sa RRP tosaigh athchóirithe agus infheistíochtaí suntasacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shóisialta i réimsí na mbeartas fostaíochta, oideachais agus óige, mar shampla, agus chun geilleagar na Polainne a dhéanamh níos nuálaí agus níos inbhuanaithe, agus a iomaíochas a mhéadú.
- (39) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, leantar de bheith ag cur leis an bhfás eacnamaíoch agus le cruthú post sa Pholainn agus le méadú a dhéanamh ar chumas gheilleagar na Polainne freagairt do na dúshláin shóisialta a eascraíonn as an aistriú fuinnimh. Sa chomhthéacs sin, tugtar aghaidh sa phlean modhnaithe ar roinnt leochaileachtaí sa gheilleagar, lena n-áirítear an róspleáchas ar bhreoslaí iontaise, gréasán tarchurtha agus dáileacháin fuinnimh atá as dáta, go háirithe i gceantair thuaithe, chomh maith le hinacmhainneacht theoranta do theaghlaigh bhochta chun éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú. Cuidíonn an plan téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, le borradh a chur faoi fhorbairt scileanna glasa atá ábhartha don aistriú glas.

Gan dochar suntasach a dhéanamh

- (40) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, meastar go n-áiritheofar nach ndéanfaidh aon bheart (Rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵ (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').
- (41) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a

⁵ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

dhéanamh’ de réir na modheolaíochta a leagtar amach i dtreoir theicniúil an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C58/01). Déantar an measúnú go córasach le haghaidh gach athchóiriú agus infheistíocht mhodhnaithe de réir an chur chuige dhá chéim. Is é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon riosca ann go ndéanfar dochar suntasach i gcás gach beart modhnaithe nó, i gcás ina sainaithnítear riosca, déantar measúnú níos mionsonraithe lena léirítear nach ndearnadh dochar suntasach. Maidir leis an méid a bhaineann leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí nua a tugadh isteach i gcaibidil REPowerEU, rinne an Pholainn measúnú córasach ar gach beart i gcoinne an phrionsabail ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’. I gcás inar gá, tá ceanglais mheasúnú ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ cumhdaithe i ndearadh birt agus sonraítear iad sa gharsprioc nó sa sprioc a ghabhann leis.

- (42) I gcomhréir le hAirteagal 21c(6) de Rialachán (AE) 2021/241, ar bhonn faisnéis arna soláthar ag an bPolainn, measann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag an bprionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ maidir le beart amháin a chuireann leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 21c(3), pointe (a) den Rialachán sin. Baineann sé sin le beart G3.2.1. (Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú). Is éard atá sa bheart píblíne gáis 250 ciliméadar a thógáil idir Gdańsk agus Gustorzyn.
- (43) Ar an gcéad dul síos, tá an beart riachtanach agus comhréireach chun freastal ar riachtanais láithreacha maidir le slándáil an tsoláthair, agus roghanna malartacha indéanta níos glaine agus an baol go mbeidh éifeachtaí glasála á gcur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 21c(6), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241. Cé go raibh an réigiún ag brath go mór ar fhoinse aonair soláthair gáis, ba cheart go mbeifí in ann úsáid iomlán a bhaint as na hacmhainneachtaí gáis atá ann cheana leis an bpíblíne, lena n-áirítear gás nádúrtha leachtaithe, agus as acmhainneachtaí breise a tharchur ó fhoinis éagsúlaithe sa Pholainn agus chuig tíortha eile i Lár agus Oirthear na hEorpa. Gan an phíblíne, ní fhéadfaí é sin a dhéanamh mar gheall ar scrogaill sa ghreille atá ann cheana. Dá bhrí sin, cuidíonn an infheistíocht le riachtanais láithreacha maidir le slándáil an tsoláthair a shásamh agus le héagsúlú an tsoláthair a chumasú chun leas an Aontais ina iomláine. Ina theannta sin, ní féidir roghanna malartacha níos glaine a úsáid laistigh d’amlíne inchomparáide. Leis an gcuid den tionscadal maidir le tarchur, beifear in ann freastal go teicniúil ar chumaisc hidrigine agus bithmheatáin agus meatáin shintéisigh ó thús na n-oibriúcháin. Dá bhrí sin, meastar go maolaítear an riosca go mbeidh éifeacht ghaibhnithe ann.
- (44) Ar an dara dul síos, tá iarrachtaí sásúla déanta ag an bPolainn chun teorainn a chur leis an díobháil a d’fhéadfadh a bheith ann do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, i gcás inarb indéanta, agus chun díobháil a mhaolú trí bhearta eile, lena n-áirítear na bearta in REPowerEU, i gcomhréir le hAirteagal 21c(6), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Leis na measúnuithe ábhartha ar an tionchar ar an gcomhshaoil agus na cinntí comhshaoil, deimhnítear gur cheart an tionscadal a chur chun feidhme laistigh den chreat dlíthiúil comhshaoil AE agus náisiúnta is infheidhme agus sainítear leo bearta maolaithe, mar shampla maidir le cosaint na bithéagsúlachta agus cosaint dobharlach.
- (45) Ar an tríú dul síos, leis an mbeart níl baol ann nach mbainfear amach spriocanna aeráide 2030 an Aontais ná cuspóir aeráidneodrach an Aontais faoi 2050, i gcomhréir le hAirteagal 21c(6), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241. Tá athchóirithe agus infheistíochtaí sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear

caibidil REPowerEU agus tá coinne leis go gcuideoidís le sprioc aeráide an Aontais a bhaint amach faoi 2030, ar an mbealach chun an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach faoi 2050.

- (46) Ar deireadh, sholáthair an Pholainn doiciméid tacaíochta a léiríonn gur cheart deireadh na n-oibreacha foirgníochta agus glacadh teicniúil na píblíne idir Gdańsk agus Gustorzyn a dhéanamh i mí an Mheithimh 2026 agus tá sé beartaithe go mbeidh an bonneagar i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2026, i gcomhréir le hAirteagal 21c(6), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (47) EUR 630 940 000 atá i gcostais mheasta iomlána na mbeart sin, is é sin 2.49 % de chostais mheasta na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU, méid atá go mór faoi bhun na huastairsí a cheadaítear le hAirteagal 21c (9) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (48) Mar a cheanglaítear le hAirteagal 21c(8) de Rialachán (AE) 2021/241, ní chuirfidh na hioncaim a chuirfear ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 10e(1) de Threoir 2003/87/CE leis an mbeart sin, ós rud é go bhfuil costais mheasta na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí eile i gcaibidil REPowerEU níos airde ná leithdháileadh na Polainne ar an ioncam sin.

Rannhuidiú le cuspóirí REPowerEU

- (49) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus Iarscríbhinn V, critéar 2.12, a ghabhann leis, tá coinne le caibidil REPowerEU go gcuirfear go héifeachtach agus go mór (Rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí inathnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.
- (50) Le cur chun feidhme na mbeart a áirítear i gcaibidil REPowerEU cuidítear go háirithe le tacú leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c (3), pointí (a), (b), (c), (e) agus (f) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (51) Leis an infheistíocht i dtógáil bonneagair nua gáis nádúrtha, lena dtugtar acmhainneachtaí breise gáis don Pholainn agus dá tíortha comharsanachta (G3.2.1), cuidítear le feabhas a chur ar bhonneagar fuinnimh agus ar shaoráidí fuinnimh a chomhlíonann na riachtanais láithreacha maidir le slándáil an tsoláthair gáis, lena n-áirítear gás nádúrtha leachtaithe, go háirithe chun éagsúlú an tsoláthair a chumasú ar mhaithe leis an Aontas ina iomláine, i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (a) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (52) Le roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí, cuidítear go héifeachtach le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus faoi bhonneagar criticiúil fuinnimh, leis an tionsclaíocht a dhícharbónú, le táirgeadh hidrigine inathnuaite a mhéadú, le sciar an fhuinnimh inathnuaite a mhéadú agus le dlús a chur le húsáid fuinnimh inathnuaite i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás na n-athchóirithe a bhaineann le borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus faoi chéimniú amach breoslaí iontaise i dtéamh baile (G3.1.3.), sruthlíniú na nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh foinsí inathnuaite fuinnimh (G3.1.1), an anailís ar na bacainní dlíthiúla, eagraíochtúla agus riaracháin do phobail fuinnimh, arb é is aidhm dóibh a bhforbairt a éascú (G1.1.1), chomh maith leis na hinfeistíochtaí i gCiste Tacaíochta Fuinnimh (G3.1.4), i gCiste Fuinnimh Gaoithe Amach ón gCósta (G3.1.5) agus chun tacú le suiteálacha córas fuinnimh inathnuaite arna gcur chun feidhme ag pobail fuinnimh (G1.1.2).

- (53) Le caibidil REPowerEU, cuidítear go héifeachtach freisin le haghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241, leis an athchóiriú lena gcuirtear borradh faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus lena gcuirtear dlús le céimniú amach breoslaí iontaise i dtéamh baile (G3.1.3).
- (54) Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU freisin, cuidítear le haghaidh a thabhairt ar scrogaill inmheánacha agus trasteorann de thraiseoladh agus dáileadh fuinnimh, tacú le stóráil leictreachais agus dlús a chur le comhtháthú foinsí fuinnimh inathnuaite, agus tacú le hiompar astaíochtaí nialasacha agus lena bhonneagar i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241. Go háirithe, is amhlaidh atá maidir leis an athchóiriú a bhaineann le réitigh rialála a thabhairt isteach chun eangacha dáileacháin a fhorbairt agus a tharaifiú (G1.2.1), agus maidir leis na hinfheistíochtaí i bhforbairt líonraí tarchurtha agus i mbonneagar leictreachais cliste (G1.2.3) agus i dtógáil nó nuachóiriú líonraí dáileacháin i gceantair thuaithe (G1.2.4); na hinfheistíochtaí i gcórais stórála fuinnimh (G1.1.3 agus G3.3.1); an t-athchóiriú a bhaineann le deireadh a chur le bacainní ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh a nascadh le líonraí leictreachais (G1.2.2); chomh maith leis an athchóiriú lena mbaineann plean gníomhaíochta don iompar inbhuanaithe (G1.3.1) agus an infheistíocht in iompar comhchoiteann astaíochtaí nialasacha (G1.3.2).
- (55) Is é is aidhm don leasú ar phríomhchreataí cáilíochta earnála rannchuidiú le hathcháiliú brostaithe an lucht saothair i dtreo scileanna glasa i gcomhréir le hAirteagal 21c(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241.
- (56) Is éard atá in athchóirithe agus infheistíochtaí na caibidle REPowerEU, a ndéantar iad i dteannta a chéile, tacar cuimsitheach beart. Tá siad comhleanúnach le hiarrachtaí na Polainne a chumhdaítear leis na bearta a áirítear sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a glacadh cheana, go háirithe maidir le foinsí inathnuaite fuinnimh a fhorbairt agus saoraidí stórála fuinnimh a fhorbairt.
- (57) Ar an iomlán, táthar ag súil go gcuirfidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c [...] ar bhealach éifeachtach leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh na mbreoslaí inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá a dhéanamh ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

Bearta a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo

- (58) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (db) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.13 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh gné nó tionchar trasteorann nó ilnáisiúnta mór (rátaíl A) ag baint leis na bearta a áirítear i gcaibidil REPowerEU.
- (59) Cuireann caibidil REPowerEU le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas ina iomláine, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na dúshlán a sainaithníodh sa mheasúnú riachtanas is déanaí ón gCoimisiún, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 21c(3) de Rialachán (AE) 2021/241, agus an ranníocaíocht airgeadais atá ar fáil don Pholainn agus a suíomh geografach á gcur san áireamh. As na 16 bheart atá i gcaibidil REPowerEU na Polainne, tá gné thrasteorann ag baint le seacht gcinn díobh. Is é an infheistíocht is suntasaí a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi síneadh 250 ciliméadar a thógáil ar an líonra tarchurtha gáis idir Gdańsk agus Gutorzyn. Áirítear ar infheistíochtaí eile a bhfuil gné nó éifeacht trasteorann nó ilnáisiúnta ag baint leo infheistíochtaí atá dírithe ar fhuinneamh inathnuaite a chur in úsáid, infheistíochtaí atá dírithe ar shaoraidí stórála fuinnimh a chur in úsáid, agus infheistíochtaí atá dírithe ar

na gréasáin tarchurtha agus dáileacháin a fhorbairt. Leis na hinfheistíochtaí sin ba cheart go gcuirfí leis an éileamh ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus ba cheart go n-éascófaí comhtháthú an leictreachais ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh.

- (60) Tá gné thrasteorann ábhartha ag baint le bearta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i gcás athchóiriú foirgneamh toisc gur cheart, leis na bearta sin, go gcuirfí leis an éileamh ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú.
- (61) Is é atá i gcostais mheasta iomlána na mbeart sin 92.9 % de chostais mheasta iomlána chaibidil REPowerEU, is é sin níos mó ná 30 % ar a laghad.

Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht

- (62) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a rannchuidíonn cuid mhór (Rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le suim arb é atá inti 46.6 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus 66 % de chostais mheasta iomlána na mbeart i gcaibidil REPowerEU, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021–2030.
- (63) Níl tionchar ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uailmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas, agus tá iarracht shuntasach i gcaibidil REPowerEU chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt d'aistriú glas na Polainne, agus leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí uile cuidítear leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, forbairt agus úsáid fuinnimh inathnuaite a chumasú chomh maith le tacú leis an aistriú fuinnimh.
- (64) Ba cheart tionchar fadtéarmach a bheith ag na bearta sin toisc go ndéanfaidh siad an méid seo a leanas: (i) eangach leictreachais na Polainne a neartú chun aghaidh a thabhairt ar tháirgeadh agus dáileadh méadaithe leictreachais, lena n-áirítear ó fhoinsí inathnuaite, (ii) spleáchas na Polainne ar bhreoslaí iontaise a laghdú, (iii) stóráil fuinnimh a mhéadú, (iv) éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus (v) athruithe struchtúracha a thabhairt isteach ar an mbeartas fuinnimh. Tá coinne leis go laghdóidh siad déine gás ceaptha teasa an fhuinnimh a úsáidtear sa Pholainn go mór agus tríd an méid sin cuideoidh siad le spriocanna aeráide 2030 agus leis an gcuspóir go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050 a bhaint amach.
- (65) I bhfianaise an laghdaithe ar an ranníocaíocht uasta airgeadais don Pholainn agus i bhfianaise na mbeart nua lena ndreasaítear an t-aistriú glas, tháinig méadú ar ranníocaíocht aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe ó 42.7 % go 46.6 % i gcomparáid leis an measúnú bunaidh.

Rannchuidiú leis an aistriú digiteach

- (66) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, a rannchuidíonn go mór (Rátáil A) leis an aistriú digiteach nó a thugann aghaidh ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 21.3 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta

mhodhnaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

- (67) Tá toradh an mheasúnaithe dhearfaigh ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 fós bailí. Níl tionchar ábhartha ag modhnú an phlean ar a uailmhian i leith an aistrithe dhigitigh. D'ainneoin gur baineadh infheistíocht amháin a bhfuil gné dhigiteach ag baint léi, leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe de bheith ag cur go suntasach leis an aistriú digiteach trí chur chuige trasearnálach, idirghabhálacha i ríomhsheirbhísí sa riarachán poiblí, digitiú an oideachais, forbairt scileanna digiteacha, cibearshlándaíl, arna gcomhlánú le hinfheistíocht nua sa néalríomhaireacht.
- (68) Tá coinne le caibidil REPowerEU go gcuirfear leis an aistriú digiteach agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin trí na heangacha tarchurtha agus dáileacháin (G1.2.3 agus G1.2.4) a nuachóiriú, bonneagar leictreachais cliste agus córais stórála fuinnimh a fhorbairt. I gcomhréir le hAirteagal 21c(5) de Rialachán (AE) 2021/241, níl athchóirithe ná infheistíochtaí i gcaibidil REPowerEU le cur san áireamh agus leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta á ríomh chun ceanglas na sprice digití a leagtar síos leis an Rialachán sin a chur i bhfeidhm.
- (69) Coinnítear ranníocaíocht dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe ag 21.3 % mar a rinneadh sa mheasúnú bunaidh. Dá bhrí sin, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe fós ag comhlíonadh an cheanglais 20 % a leagtar síos in Airteagal 19(3)(f) de Rialachán (AE) 2021/241.

Tionchar buan

- (70) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (g), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.7 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar buan láidir (Rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU ar an bPolainn.
- (71) Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, ní laghdaítear uailmhian an phlean tosaigh ina iomláine ná ní laghdaítear a éifeachtaí fadtéarmacha. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, cuirtear san áireamh an ranníocaíocht uasta airgeadais laghdaithe, tionchar fada ghéarchéim COVID-19, boilsciú ard agus suaitheadh sa slabhra soláthair, chomh maith le roinnt deacrachtaí dlíthiúla nó teicniúla nach rabhthas ag súil leo nó infhaighteacht roghanna eile níos fearr chun roinnt beart a chur chun feidhme.
- (72) Ina theannta sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe caibidil nua REPowerEU freisin, a bhfuil coinne leis go mbeidh éifeachtaí dearfacha marthanacha aici ar gheilleagar na Polainne agus go gcuirfidh sí borradh breise faoina aistriú glas. Leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a áirítear i gcaibidil REPowerEU, meastar go gcuirfear dlús le húsáid foinsí fuinnimh inathnuaite agus lena gcomhtháthú in eangacha leictreachais, go dtreiseofar eangacha agus go leathnófar an acmhainneacht stórála fuinnimh, go méadófar sciar an fhuinnimh inathnuaite i meascán fuinnimh na Polainne agus go bhfeabhsófar athléimneacht a córais fuinnimh. Áirítear i gcaibidil REPowerEU freisin athchóirithe agus infheistíochtaí lena gcuidítear le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú agus le hiompar glan a úsáid, nithe ar dócha go gcuirfidís le spleáchas na Polainne ar bhreosláí iontaise a laghdú. Ar deireadh, ba cheart, leis an athchóiriú, go gcuirfí le forbairt scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair cáilithe ag an

bPolainn chun a haistriú glas a bhaint amach. I gcás na n-athchóirithe sin a mbeidh infheistíochtaí ag gabháil leo, meastar go mbeidh tionchar buan acu.

Faireachán agus cur chun feidhme

- (73) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (h) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.8 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, is leormhaith (Rátáil A) na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU chun faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach an phlean a áirithiú, lena n-áirítear an tráthchlár, na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na táscairí gaolmhara.
- (74) Níl tionchar ag cineál agus méid na modhnuithe atá beartaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne ar an measúnú a rinneadh roimhe seo ar fhaireachán éifeachtach agus ar chur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá na garspriocanna agus na spriocanna a ghabhann leis na bearta modhnaithe, lena n-áirítear iad siúd atá i gcaibidil REPowerEU, soiléir agus réalaióch agus tá na táscairí atá beartaithe le haghaidh na ngarspriocanna agus na spriocanna sin ábhartha, inghlactha agus láidir. Tá garspriocanna agus spriocanna ábhartha freisin maidir le bearta a cuireadh i gcrích cheana agus atá incháilithe faoi Airteagal 17(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Is gá na garspriocanna agus na spriocanna sin a chomhlíonadh go sásúil le himeacht ama chun údar cuí a thabhairt le hiarraidh ar eisíocaíocht.

Costáil

- (75) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an réasúnú a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU maidir le méid na gcostas measta iomlán a bhaineann leis an bplean, tá an réasúnú sin meánach maidir lena réasúnta agus a shochreidte atá sé (Rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na cost-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.
- (76) Cinneadh sa mheasúnú bunaidh go raibh costais mheasta curtha ar fáil ag an bPolainn i leith gach infheistíochta a áiríodh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. An réasúnú arna sholáthar ag an bPolainn maidir le méid chostais mheasta iomlána an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tagann sé go measartha, réasúnta agus inchreidte le prionsabal na cos-éifeachtúlachta, agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.
- (77) Léiríonn an measúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh na n-infheistíochtaí nua agus bhearta REPowerEU, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, go bhfuil na meastacháin ar chostais réasúnta agus inchreidte go ginearálta cé go léirítear san fhianaise leibhéil éagsúla sonraí agus doimhneacht na ríomhanna. I gcásanna áirithe, is teoranta a bhí na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin chostais a dhéanamh, i bpáirt mar gheall ar úrnúacht na mbeart, rud a chuireann bac ar rátáil A faoin gcritéar measúnaithe sin. Ina theannta sin, bhí údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin chostais le haghaidh bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus dá bhrí sin níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán costais sin i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na cos-éifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

- (78) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (j) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, na socruithe atá beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus na bearta breise atá sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle, is leormhaith iad (Rátáil A) chun éilliú, calaois agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú agus úsáid á baint as na cistí a sholáthraítear faoin Rialachán sin, agus táthar ag súil leis na socruithe go ndéanfar maoiniú dubailte ón tSaoráid agus ó chlár eile an Aontais a sheachaint ar bhealach éifeachtach. Tá an méid sin gan dochar do chur i bhfeidhm ionstraimí agus uirlisí eile chun comhlíonadh dhlí an Aontais a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear chun coinbhleachtaí leasa, éilliú, agus calaois a chosc, a bhrath agus a cheartú, agus chun buiséad an Aontais a chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶.
- (79) Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú bunaidh ar stóinseacht agus leordhóthanacht an chórais rialaithe agus na socruithe eile a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta go raibh na socruithe sin leordhóthanach agus na garspriocanna a bhaineann le heagrú chóras na mbreithiúna á gcur san áireamh freisin agus lena n-áirítear córas éifeachtach iniúchóireachta agus rialaithe a bheidh le comhlíonadh roimh an gcéad iarraidh ar íocaíocht. Theastaigh rátáil B ina leith sin faoi chritéar measúnaithe 2.10 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.
- (80) Ó rinneadh an measúnú bunaidh, bhí rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme iarbhír chóras iniúchóireachta agus rialaithe na Polainne. Áirítear leis sin torthaí na hiniúchóireachta ar chosaint leasanna airgeadais an Aontais arna ndéanamh ag an gCoimisiún sa Pholainn.
- (81) I bhfianaise na faisnéise sin, measann an Coimisiún go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, leordhóthanach ar an iomlán. Tá an córas rialaithe inmheánaigh a dtugtar tuairisc air sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, agus na socruithe atá beartaithe bunaithe ar phróisis agus struchtúir láidre, ionas go mbeidh ról agus freagrachtaí na ngníomhaithe maidir le rialuithe agus iniúchtaí soiléir, go mbeidh feidhmeanna rialaithe ábhartha deighilte go hiomchuí agus go n-áiritheofar neamhspleáchas na ngníomhaithe a dhéanann iniúchtaí. Is é Aireacht na gCistí agus an Bheartais Réigiúnaigh an príomhchomhlacht comhordaithe chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme. Tá aireachtaí aonair, údaráis rialtais láir agus eintitis eile arna sainordú ag na haireachtaí inniúla freagrach as cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta. Is í an institiúid atá freagrach as gach beart a chur chun feidhme a dhéanfaidh na fíorúcháin bainistíochta. Ba cheart bearta sonracha a chur chun feidhme chun comhlíonadh na rialacha maidir le soláthar poiblí agus Státchabhair a sheiceáil, agus chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint. Déantar sonraí maidir le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach a thaifeadadh sa chóras láraithe náisiúnta TF (CST2021), lena n-áiritheofar go gcuirfidh na comhlachtaí cur

⁶ Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

chun feidhme an fhaisnéis is gá faoi bhráid an chórais TF. Cuirtear iniúchtaí de chúram ar Riarachán Náisiúnta na gCoimisinéirí Ioncaim (an Aireacht Airgeadais) atá le déanamh ar bhonn bliantúil, i gcomhréir leis an straitéis iniúcháireachta. Mar sin féin, d'fhéadfadh minicíocht na n-iniúchtaí a bheith ag brath ar na hiarrataí ar íocaíocht a chur isteach. Deimhnítear neamhspleáchas an chomhlachta iniúcháireachta ar an gcomhlacht comhordúcháin agus ar na hinstiúidí atá freagrach as cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí. Ba cheart a chumhdach sna hiniúchtaí an córas a bunaidh chun garspriocanna agus spriocanna a thuairisciú, an córas faisnéise chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta agus iniúchtaí ar oibríochtaí, lena n-áirítear na coinníollacha le haghaidh bainistíocht airgeadais fhónta.

Comhleanúnachas an Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta

- (82) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (k) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.11 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear go mór (Rátáil A) sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU bearta le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe agus tionscadail infheistíochta phoiblí ar gníomhaíochtaí comhleanúnacha iad.
- (83) Leis na modhnuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaítear cuid de na comhpháirteanna bunaidh agus cuirtear comhpháirt bhreise ar fáil, caibidil REPowerEU. Ní athraíonn na modhnuithe an comhleanúnachas foriomlán. Tá na comhpháirteanna ag treisiú a chéile agus ag comhlánú a chéile, go háirithe na comhpháirteanna sin a bhaineann leis an aistriú glas agus leis an gcaibidil REPowerEU nua a cuireadh leis an bplean. I ndáil leis sin, de bharr na mbeart i gcaibidil REPowerEU, tá feabhas breise curtha ar chomhleanúnachas trí bhearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh a threisiú, go háirithe maidir le cur in úsáid an bhonneagair táirgthe agus stórála fuinnimh inathnuaite a mhéadú, chomh maith le feabhsuithe ar ghréasáin tarchurtha agus dáileacháin.

An próiseas comhairliúcháin

- (84) Chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe a ullmhú, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, rinne údaráis na Polainne comhairliúchán poiblí, a bhí ar siúl idir an 18 Aibreán agus an 9 Bealtaine 2023. Rinneadh barúlacha ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais ghnó, a bhailiú ar líne, agus le linn comhdháil chomhairliúcháin chomh maith. Foilsíodh freagraí ar na barúlacha ar shuíomh gréasáin rialtais. Ina dhiaidh sin, rinne na húdaráis an t-aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin a chomhtháthú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe agus i ndruchtchaibideal REPowerEU. Bhain an t-aiseolas den chuid is mó le gnéithe amhail raon feidhme na n-infheistíochtaí, faighteoirí agus luachanna spriocanna agus bhain sé go príomha le bearta faoi chomhpháirteanna B, C, D, E agus faoi chaibidil REPowerEU.
- (85) Chun an úinéireacht a áirithiú le haghaidh na ngníomhaithe ábhartha, tá sé ríthábhachtach go mbeidh na húdaráis áitiúla agus na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, rannpháirteach i gcur chun feidhme na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Measúnú dearfach

- (86) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an toradh a bhí air, mar

atá, go comhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, na garspriocanna, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta neamh-iníoctha agus iasachta le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU.

Ranníocaíocht airgeadais

- (87) Is é PLN 270 144 534 012 costais mheasta iomlána phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Polainne lena n-áirítear caibidil REPowerEU, arb é atá ann EUR 59 818 165 953 ar bhonn ráta tagartha EUR PLN ECB an 3 Bealtaine 2021 le haghaidh an phlean bhunaidh agus ar bhonn ráta tagartha EUR PLN ECB an 31 Lúnasa 2023 le haghaidh chaibidil REPowerEU. Rinneadh na suimeanna in euro dá dtagraítear sna tuairiscí ar na bearta agus ar na garspriocanna agus na spriocanna comhfhreagracha a ríomh ar an mbonn céanna agus ba cheart measúnú a dhéanamh orthu agus é sin á chur san áireamh.
- (88) Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Pholainn, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Polainne lena n-áirítear caibidil REPowerEU a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta airgeadais atá ar fáil do phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Fraince lena n-áirítear caibidil REPowerEU. Tá an méid sin comhionann le EUR 22 520 991 355.
- (89) De bhun Airteagal 21a(5) de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Lúnasa 2023 chuir an Pholainn iarraidh isteach ar leithdháileadh an ioncaim dá dtagraítear in Airteagal 21a (1) den Rialachán sin, arna roinnt idir na Ballstáit ar bhonn na dtáscairí a leagtar amach sa mhodheolaíocht in Iarscríbhinn IVa a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. Is é EUR 24 644 725 942 costais mheasta iomlán na mbearta dá dtagraítear in Airteagal 21c(3), pointí (b) go (f) de Rialachán (AE) 2021/241 a áirítear i gcaibidil REPowerEU. Ós rud é go bhfuil an méid sin níos airde ná an sciar leithdháilte atá ar fáil don Pholainn, ba cheart go mbeadh an tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha bhreise atá ar fáil don Pholainn cothrom leis an sciar leithdháilte. Is é atá sa mhéid sin EUR 2 755 862 361.
- (90) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán atá ar fáil don Pholainn a bheith cothrom le EUR 25 276 853 716.

Iasacht

- (91) Thairis sin, chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise sa phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe lena n-áirítear caibidil REPowerEU, d'iarr an Pholainn tacaíocht bhreise iasachta le haghaidh méid iomlán EUR 34 541 303 518, go háirithe, EUR 22 519 803 518 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí i gcaibidil REPowerEU agus EUR 12 021 500 000 chun tacú leis na hathchóirithe agus na hinfeistíochtaí eile sa phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tá uasmhéid na hiasachta arna iarraidh ag an bPolainn comhionann le 6.8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta níos airde ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar

fáil don Pholainn, lena n-áirítear caibidil REPowerEU agus an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, an t-ioncam ón gcóras trádála astaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷. Tá uasmhéid na hiasachta arna hiarraidh ag an bPolainn comhionann le 6.8 % d'ollioncam náisiúnta na tíre do 2019 i bpraghsanna reatha.

Réamh-mhaoiniú REPowerEU

- (92) D'iarr an Pholainn EUR 2 755 862 361 i bhfoirm ranníocaíocht airgeadais arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 21a agus EUR 22 519 803 518 i bhfoirm iasachta faoi Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/241 chun a caibidil REPowerEU a chur chun feidhme.
- (93) Maidir leis na méideanna sin, de bhun Airteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241, an 31 Lúnasa 2023 d'iarr an Pholainn réamh-mhaoiniú EUR 5 055 133 176, is é sin 20 % den chistiú a iarradh. Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil, ba cheart an réamh-mhaoiniú sin a chur ar fáil don Pholainn faoi réir theacht i bhfeidhm na gcomhaontuithe atá le tabhairt i gcrích idir an Coimisiún agus an Pholainn de bhun Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) 2021/241 ('an comhaontú maoinithe') agus i gcomhréir le hAirteagal 15(2) den Rialachán sin ('an comhaontú iasachta').
- (94) Cinneadh Cur Chun Feidhme 9728/22 INIT ón gComhairle; Dá bhrí sin, ba cheart ST 9728/22 ADD 1 an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta don Pholainn a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 9728/22 INIT; Leasaítear ST 9728/2022 ADD 1) mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta Modhnaithe na Polainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus spriocanna breise a bhaineann le híocaíocht na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

- (2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

⁷ Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lgh. 32-46).

‘1. Cuirfidh an tAontas ranníocaíocht airgeadais ar fáil don Pholainn i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíochta arb ionann í agus EUR 25 276 853 716.⁸ Áirítear ar an rannchuidiú sin:

- (a) beidh suim EUR 20 270 784 381 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil faoin 31 Nollaig 2022;
- (b) beidh suim eile EUR 2 250 206 974 ar fáil lena gealladh go dlíthiúil ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023;
- (c) suim EUR 2 755 862 361⁹, i gcomhréir le hAirteagal 21d(6) de Rialachán (AE) 2021/241, go heisiach le haghaidh bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c den Rialachán sin, cé is moite de na bearta dá dtagraítear in Airteagal 21c (3), pointe (a).

2. Cuirfidh an Coimisiún ranníocaíocht airgeadais an Aontais ar fáil don Pholainn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Cuirfear suim EUR 551 172 472 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú sin a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.’.

(3) In Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Pholainn dar luach EUR 34 541 303 518 ar a mhéad, a mbeidh suas le EUR 23 034 803 518 de ina iasacht bhreise i ndiaidh na hiarrata ar thacaíocht iasachta an 31 Lúnasa 2023.

2. Cuirfidh an Coimisiún an tacaíocht iasachta dá dtagraítear in mír 1 ar fáil don Pholainn i dtráthchodanna i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Cuirfear suim EUR 4 503 960 704 ar fáil mar réamh-mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 21d de Rialachán (AE) 2021/241. Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú sin a eisíoc i suas le dhá íocaíocht.

Féadfaidh an Coimisiún an réamh-mhaoiniú agus na tráthchodanna a íoc i dtráinse amháin nó i roinnt tráinsí. Beidh méid na dtráinsí faoi réir infhaighteacht an chistithe.’.

(4) Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne:

⁸ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Polainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

⁹ Comhfhreagraíonn an méid sin don leithdháileadh airgeadais tar éis sciar comhréireach na Polainne de speansais Airteagal 6(2) de Rialachán (AE) 2021/241 a asbhaint, arna ríomh i gcomhréir le modheolaíocht Airteagal 11 den Rialachán sin.

Airteagal 4
Seolaí

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán